Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Eanáir 2020**
**(OR. en)**

**5071/20**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2019/0254(COD)**

**AGRI 4**
**AGRIFIN 3**
**AGRIORG 3**
**AGRISTR 1**
**CODEC 6**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Coiste Speisialta um Thalmhaíocht/an Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 13643/19 + ADD1 |
| Ábhar: | RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leagtar síos forálacha idirthréimhseacha áirithe do thacaíocht ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus ón gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) don bhliain 2021 agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 228/2013, (AE) Uimh. 229/2013 agus (AE) Uimh. 1308/2013 a mhéid a bhaineann le hacmhainní agus lena leithdháileadh sa bhliain 2021 agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013, (AE) Uimh. 1306/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 a mhéid a bhaineann lena n-acmhainní agus lena gcur i bhfeidhm sa bhliain 2021<br>- *Ullmhúchán do dhíospóireacht na Comhairle* |

1. An 31 Deireadh Fómhair 2019, chuir an Coimisiún togra faoi bhráid na Comhairle agus Pharlaimint na hEorpa le haghaidh Rialachán lena leagtar síos forálacha idirthréimhseacha do thacaíocht CETFT agus CERT in 2021, bunaithe ar Airteagal 43(2) agus Airteagal 349 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

2. Is é <u>aidhm fhoriomlán</u> na togra seo leanúnachas thacaíocht CBT d’fheirmeoirí agus do thairbhithe eile a áirithiú in 2021, ós rud é go bhfuil sé soiléir ón staid reatha maidir le hathchóiriú CBT agus caibidlíocht CAI nach bhféadfar feidhm a bheith ag na Pleananna Straitéiseacha nua ón 1 Eanáir 2021. Chuige sin, leasaítear na ceithre cinn de bhunrialacháin CBT (1305/2013, 1306/2013, 1307/2013 agus 1308/2013), chomh maith le Rialacháin 228/2013 (bearta sonracha do na réigiúin is forimeallaí) agus 229/2013 (bearta sonracha do na hoileáin bheaga Aeigéacha).

3. Cuireadh an togra faoi bhráid na dtoscaireachtaí ag an gCoiste Speisialta um Thalmhaíocht (CST) an 5 Samhain 2019 agus ag an gComhairle Talmhaíochta agus Iascaigh (AGRIFISH) an 18 Samhain 2019. Chuir saineolaithe náisiúnta tús freisin le scrúdú teicniúil a dhéanamh air, agus bhí Meithleacha ar siúl an 6 Samhain, an 13 Samhain agus an 5 Nollaig 2019.

4. Tháinig sé chun solais ag an bplé thuasluaite gur díol sásaimh é an togra do na Ballstáit i gcoitinne, chun slándáil dhlíthiúil agus airgeadais a chur ar fáil d'fheirmeoirí agus do thairbhithe eile in 2021. Ní mórfhorbairtí nua beartais atá i gceist leis an togra i gcomparáid leis na rialacha atá ann faoi láthair. Leis an togra, cuirtear síneadh le hainfheidhmeacht an chreata dhlíthiúil atá ann cheana go dtí an bhliain 2021 agus tá oiriúnaithe ann ar rialacha áirithe chun aistriú rianúil ón tréimhse reatha go dtí an chéad tréimhse eile de chuid CBTa áirithiú. Mar sin féin, ní mór machnamh a dhéanamh ar ghnéithe áirithe den téacs i bpléití breise, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do: fad na hidirthréimhse, coinníollacha maidir le Cláir Forbartha Tuaithe a fhadú, fad na ngealltanas agra-chomhshaoil agus leanúint le cláir oibríochtúla eagraíochtaí táirgeoirí in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí. Ina theannta sin, chuir roinnt toscaireachtaí in iúl go bhfuil easpa cabhrach idirthréimhsí náisiúnta sa togra, agus gur mhaith leo go leanfaí de in 2021 ar leibhéal 2020 ar a laghad. Ós rud é, murab ionann agus an t-athchóiriú ar CBT, gur féidir ábhar an togra a phlé go neamhspleách ar na figiúirí, cuirfidh Uachtarántacht na Cróite na figiúirí ar fad idir lúibíní cearnacha agus tabharfaidh sí cothrom le dáta iad a luaithe a thiocfar ar chomhaontú maidir le CAI.

5. I bhfianaise staid reatha an phlé ar an togra seo, creideann an Uachtarántacht gur tráth iomchuí í Comhairle AGRIFISH mhí Eanáir do na hairí chun tuairimí a mhalartú ina leith. Beidh na tuaraimí a chuirfear in iúl le linn na díospóireachta sa Chomhairle mar threoir thábhachtach don obair a dhéanfar le linn Uachtarántacht na Cróite i gcomhlachtaí ullmhúcháin na Comhairle. Tá sé mar aidhm ag an Uachtarántacht teacht ar chur chuige ginearálta páirteach, nó ar chur chuige ginearálta i gcás ina mbeidh comhaontú ann maidir le CAI, ag Comhairle AGRIFISH mhí an Mhárta 2020, agus tús a chur leis an gcaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa a luaithe is féidir ina dhiaidh sin.

6. Chun an malartú tuairimí sa Chomhairle a ullmhú, iarrfaidh an Uachtarántacht ar na toscaireachtaí a mbarúlacha a thabhairt i dtaobh na gceisteanna atá á moladh ag an gcruinniú a bheidh ag CST an 20 Eanáir.

7. Ag Comhairle AGRIFISH an 27 Eanáir 2020, iarrfar ar na hairí a dtuairimí a chur in iúl bunaithe ar na ceisteanna sin.

**Ceisteanna do na hAirí**

⇨ **An aontaíonn tú gur cheart dúinn díriú ar theacht ar chur chuige ginearálta páirteach a luaithe is féidir, neamhspleách ar fhigiúirí CAI, ar mhaithe le glacadh tráthúil an Rialacháin Idirthréimhsigh?**

⇨ **An aontaíonn tú nár cheart aon mhórghnéithe nua a bheith sa togra i gcomparáid leis na rialacha atá ann faoi láthair?**